

An Bhruiséil, 14 Iúil 2026
(OR. en)

11910/26
ADD 1

ENV 948
CLIMA 397
FORETS 109
AGRI 594
RELEX 1015
DELECT 116

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	13 Iúil 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2026) 4920 final - Annex
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann le RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an liosta de thráchtearraí ábhartha agus de tháirgí ábhartha

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 4920 final - Annex.

Faoi iamh: C(2026) 4920 final - Annex



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 13.7.2026
C(2026) 4920 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann le

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/1115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an liosta de thráchtearraí ábhartha agus de tháirgí ábhartha

{SWD(2026) 194 final}

IARSCRÍBHINN

Leasaítear mar a leanas an tábla in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/1115:

- (1) sa cholún, ‘Tráchtearra ábhartha’, cuirtear nóta tábla (1) seo a leanas isteach i ndiaidh na hiontrála ‘Eallach’:
‘(1) Níl feidhm ag an Rialachán seo ach maidir le heallach de ghéineas *Bos* agus dá fhoghéinis: *Bos*, *Bibos*, *Novibos* agus *Poephagus* a thagann faoi fhocheannteideal CC 0102 21 agus 0102 29. Níl feidhm aige maidir le buabhaill (géineas *Syncerus*) ná bíosúin (géineas *Bison*) ná aon ainmhí beo eile den speiceas buaibheach.’;
- (2) sa cholún, ‘Tráchtearra ábhartha’, cuirtear nóta tábla (2) seo a leanas isteach i ndiaidh na hiontrála ‘Pailm Ola’:
‘(2) Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le pailm ola *Elaeis* spp. (lena n-áirítear *Elaeis guineensis*). Níl feidhm aige maidir le hola babasú ón ngéineas *Attalea* spp. (lena n-áirítear *Attalea speciosa*) agus olaí plandúla ó speicis eile crann pailme.’;
- (3) sa cholún, ‘Tráchtearra ábhartha’, cuirtear nóta tábla (3) seo a leanas isteach i ndiaidh na hiontrála ‘Rubar’:
‘(3) Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le rubar ó *Hevea brasiliensis*. Níl feidhm aige maidir le balata, gutta-percha, guayula, chicle agus gumaí nádúrtha comhchosúla a tháirgtear ó speicis eile ná maidir le táirgí rubair shintéisigh.’;
- (4) sa cholún ‘Tráchtearra ábhartha’, cuirtear nóta tábla (4) seo a leanas isteach i ndiaidh na hiontrála ‘Adhmad’:
‘(4) Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le bambú, ratán agus ábhair eile de chineál adhmaid agus dá bhrí sin níl feidhm aige ach oiread maidir le táirgí ábhartha a liostaítear faoin tráchtearra ábhartha ‘Adhmad’ a mhéid atá na táirgí sin déanta as bambú, ratán agus ábhair eile de chineál adhmaid.’.
- (5) sa cholún, ‘Earraí ábhartha’, cuirtear nóta tábla (5) seo a leanas isteach faoin gceannteideal ‘Táirge Ábhartha’:
‘(5) Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an méid seo a leanas:
(a) Samplaí de tháirgí, a bhfuil luach agus cainníocht dhiomaibhseach ag baint leo agus nach féidir iad a thomhailt ná a úsáid ach amháin chun orduithe a lorg le haghaidh earraí den chineál a ndéanann siad ionadaíocht dó ar choinníoll go bhfágann an modh cur i láthair agus an chainníocht, le haghaidh táirgí den chineál céanna nó ar an gcáilíocht chéanna, go bhfágann sé nach bhféadfar iad a thomhailt ná a úsáid chun aon chríche eile seachas orduithe a lorg;
(b) Táirgí a ndéanfar scrúdú, anailís nó tástálacha orthu chun a gcomhdhéanamh, a gcáilíocht nó a saintréithe teicniúla eile a chinneadh chun críoch faisnéise nó taighde tionsclaíoch nó tráchtála ar choinníoll go n-ídeofar nó go scriosfar go hiomlán na

táirgí a bhfuil anailís, scrúdú nó tástáil le déanamh orthu le linn an scrúdaithe, na hanailíse nó na tástála, nó go gcoimeádfar nó go dtabharfar ar ais iad gan aon chúis ná aon chuspóir eile seachas oibleagáidí dlíthiúla nó conarthacha a bhaineann le scrúdú, anailís nó tástáil a chomhlíonadh.’;

(6) leasaítear an colún ‘Táirgí ábhartha’ mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála ‘0102 21, 0102 29 Eallach beo’:

‘ex 0102 Eallach beo’;

(b) tar éis na hiontrála ‘ex 0206 10 Cairteach inite ó eallach, úr nó fuaraithe’, cuirtear an iontráil seo a leanas isteach:

‘ex 0206 21 00 Teangacha reoite eallaigh’;

(Beidh feidhm ag an bhforáil sin ón 30 Nollaig 2027)

(c) baintear na hiontrálacha ‘ex 4101 Seithí agus craicne amha ó eallach (atá úr, nó saillte, triomaithe, aolta, picilte nó leasaithe ar bhealach eile, ach nach bhfuil súdaraithe, párchóirithe ná ullmhaithe thairis sin), bídis bearrtha nó scairghearrtha nó ná bídis’, ‘ex 4104 Seithí agus craicne súdaraithe nó chrústaithe ó eallach, gan fionnadh orthu, bídis scairghearrtha nó ná bídis, ach gan ullmhú thairis sin orthu’, agus ‘ex 4107 Leathar ó eallach, a ndearnadh ullmhú breise air tar éis a shúdaraithe nó a chrústaithe, lena n-áirítear leathar párchóirithe, gan fionnadh air, bíodh sé scairghearrtha nó ná bíodh, cé is moite de leathar atá faoi cheannteideal 4114’;

(d) i ndiaidh na hiontrála ‘1802 Blaoscanna, mogaill agus craicne cócó agus dramhaíl eile cócó’, cuirtear isteach an téacs seo a leanas:

‘(nach n-áirítear leo dramhaíl mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (1) de Threoir 2008/98/CE)’;

(e) tar éis na hiontrála ‘0901 Caife, bíodh sé rósta nó díchaiféinithe nó ná bíodh; mogaill agus craicne caife; ionadaigh chaife a bhfuil cion éigin caife iontu’, cuirtear isteach an iontráil seo a leanas:

‘2101 11 00 Úisc, úscraí agus tiúcháin eile de chaife’;

(Beidh feidhm ag an bhforáil sin ón 30 Nollaig 2027)

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na n-iontrálacha ‘1207 10 Cnónna pailme agus eithní pailme’, ‘1511 Ola pailme agus a codáin, bídis scagtha nó ná bídis, ach nach bhfuil modhnú ceimiceach déanta orthu’, ‘1513 21 Amhola eithne pailme agus amhola babasú agus a gcodáin, bídis scagtha nó ná bídis, ach nach bhfuil modhnú ceimiceach déanta orthu’ agus ‘1513 29 Ola eithne

pailme agus ola babasú agus a gcodáin, bídís scagtha nó ná bídís, ach nach bhfuil modhnú ceimiceach déanta orthu (seachas amhola)’:

‘ex 1207 10 00 Cnónna pailme agus eithní pailme

ex 1511 Ola pailme agus a codáin, bídís scagtha nó ná bídís, ach nach bhfuil modhnú ceimiceach déanta orthu

(nach n-áirítear leo dramhaíl mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (1) de Threoir 2008/98/CE)

ex 1513 21 Amhola eithne pailme agus amhola babasú agus a gcodáin, bídís scagtha nó ná bídís, ach nach bhfuil modhnú ceimiceach déanta orthu

(nach n-áirítear leo dramhaíl mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (1) de Threoir 2008/98/CE)

ex 1513 29 Ola eithne pailme agus ola babasú agus a gcodáin, bídís scagtha nó ná bídís, seachas amhola, ach nach bhfuil modhnú ceimiceach déanta orthu

(nach n-áirítear leo dramhaíl mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (1) de Threoir 2008/98/CE)’;

- (g) tar éis na hiontrála ‘ex 1513 29 Ola eithne pailme agus ola babasú agus a gcodáin, bídís scagtha nó ná bídís, seachas amhola, ach nach bhfuil modhnú ceimiceach déanta orthu’, cuirtear na hiontrálacha seo a leanas isteach:

‘ex 1516 20 Ola pailme, ola eithne pailme agus ola babasú agus a gcodáin, atá hidriginithe, idireistearaithe, atheistearaithe nó eilíidinithe, go páirteach nó go hiomlán, bídís scagtha nó ná bídís, ach gan ullmhú thairis sin orthu

(seachas táirgí a mhéid a úsáidtear iad chun táirgí íocshláinte a mhonarú lena n-úsáid ag an duine nó sa tréidliacht faoi raon feidhme Threoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹, Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle², nó Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³)

(Beidh feidhm ag an bhforáil sin ón 30 Nollaig 2027)

¹ Treoir 2001/83/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Samhain 2001 maidir leis an gcód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine (IO L 311, 28.11.2001, lch. 67, <http://data.europa.eu/eli/dir/2001/83/oj>).

² Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena leagtar síos nósanna imeachta an Aontais maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach (IO L 136, 30.4.2004, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2004/726/oj>).

³ Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/82/CE (IO L 4, 7.1.2019, lch. 43, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2019/6/oj>).

ex 1518 00 Ola pailme, ola eithne pailme agus ola babasú agus a gcodáin, atá beirithe, ocsaídíte, díhiodráitithe, sulfartha, séidte, polaiméirithe le teas i bhfolús nó i dtriathghás nó a ndearnadh modhnú ceimiceach ar bhealach eile orthu, seachas iad siúd faoi cheannteideal 1516; meascáin nó ullmhóidí do-ite de shailte nó olaí ainmhíocha, plandúla nó miocróbacha nó de chodáin de shailte nó olaí éagsúla sa chaibidil seo, ina bhfuil pailm ola nó a rinneadh trí phailm ola a úsáid

(nach n-áirítear leo dramhaíl mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (1) de Threoir 2008/98/CE)

(Beidh feidhm ag an bhforáil sin ón 30 Nollaig 2027)

ex 1520 00 Gliocról amh; uiscí gliocróil agus buac ghliocróil a táirgeadh trí phailm ola a úsáid’;

(Beidh feidhm ag an bhforáil sin ón 30 Nollaig 2027) ‘;

- (h) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála ‘2306 60 Cáca ola agus iarmhair sholadacha eile cnónna pailme nó eithní pailme, bídís meilte nó i bhfoirm millíní nó ná bídís, a thagann ó ola nó sailte cnónna pailme nó eithní pailme a úscadh’:

‘ex 2306 60 00 Cáca ola agus iarmhair sholadacha eile cnónna pailme nó eithní pailme, bídís meilte nó i bhfoirm millíní nó ná bídís, a thagann ó ola nó sailte cnónna pailme nó eithní pailme a úscadh’;

- (i) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas isteach tar éis na hiontrála ‘ex 2306 60 00 Cáca ola agus iarmhair sholadacha eile cnónna pailme nó eithní pailme, bídís meilte nó i bhfoirm millíní nó ná bídís, a thagann ó ola nó sailte cnónna pailme nó eithní pailme a úscadh’:

‘ex 2905 16 Ochthanól (alcól ochtaile) agus isiméirí de, a sintéisíodh trí phailm ola a úsáid

(Beidh feidhm ag an bhforáil sin ón 30 Nollaig 2027)

ex 2905 17 00 Dédheacán-1-ól (alcól láirile), heicsideacán-1-ól (alcól céitile) agus ochtaideacán-1-ól (alcól stéirile), a sintéisíodh trí phailm ola a úsáid

(seachas táirgí a mhéid a úsáidtear iad chun táirgí íocshláinte a mhonarú lena n-úsáid ag an duine nó sa tréidliacht faoi raon feidhme Threoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 nó Rialachán (AE) 2019/6)

(Beidh feidhm ag an bhforáil sin ón 30 Nollaig 2027)

ex 2905 19 00 Alcóil aonhidreacha sháithithe eile, nach sonraítear ná nach n-áirítear aon áit eile, a sintéisíodh trí phailm ola a úsáid

(Beidh feidhm ag an bhforáil sin ón 30 Nollaig 2027)’;

- (j) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála ‘ex 2905 45 Gliocról, ag a bhfuil íonacht 95 % nó níos mó (arna ríomh de réir mheáchan an táirge thirim)’:
- ‘ex 2905 45 Gliocról, ag a bhfuil íonacht 95 % nó níos mó (arna ríomh de réir mheáchan an táirge thirim) a sintéisíodh trí phailm ola a úsáid
- (seachas táirgí a mhéid a úsáidtear iad chun táirgí íocshláinte a mhonarú lena n-úsáid ag an duine nó sa tréidliacht faoi raon feidhme Threoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 nó Rialachán (AE) 2019/6)
- (k) cuirtear an iontráil seo a leanas isteach tar éis na hiontrála ‘ex 2905 45 Gliocról, ag a bhfuil íonacht 95 % nó níos mó (arna ríomh de réir mheáchan an táirge thirim) a sintéisíodh trí phailm ola a úsáid’:
- ex 2915 39 Eistir aigéid aicéitigh, seachas aicéatáit eitile, aicéatáit vinile, aicéatáit n-búitile agus aicéatáit déiniseibe (ISO), a sintéisíodh trí phailm ola a úsáid
- (Beidh feidhm ag an bhforáil sin ón 30 Nollaig 2027)’;
- (l) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála ‘2915 70 Aigéid phailmíteacha, aigéid stéaracha, a gcuid salann agus eistear’:
- ‘ex 2915 70 Aigéad pailmíteach, aigéad stéarach, a gcuid salann agus eistear a sintéisíodh trí phailm ola a úsáid
- (seachas táirgí a mhéid a úsáidtear iad chun táirgí íocshláinte a mhonarú lena n-úsáid ag an duine nó sa tréidliacht faoi raon feidhme Threoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 nó Rialachán (AE) 2019/6)’;
- (m) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála ‘2915 90 Aigéid mhonacarbocsaileacha neamhchioglacha sháithithe, a n-ainhidrídí, a hailídí, a sárocsaídí agus a sárocsa-aigéid; a gcuid díorthach halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe (seachas aigéad formach, aigéad aicéiteach, aigéid mhonaclóraicéiteacha, dhéchlóraicéiteacha nó thríchlóraicéiteacha, aigéad próipianach, aigéid bhútánócha agus aigéid pheantánócha, aigéad pailmíteach, aigéad stéarach, a gcuid salann agus eistear, agus ainhidríd aicéiteach):
- ‘ex 2915 90 Aigéid mhonacarbocsaileacha neamhchioglacha sháithithe, a n-ainhidrídí, a hailídí, a sárocsaídí agus a sárocsa-aigéid; a gcuid díorthach halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe, seachas aigéad formach, a chuid salann agus eistear, aigéad aicéiteach agus a chuid salann; ainhidríd aicéiteach, eistir aigéid aicéitigh, aigéid mhonaclóraicéiteacha, dhéchlóraicéiteacha nó thríchlóraicéiteacha, a gcuid salann agus eistear, aigéad próipianach, a chuid salann agus eistear a sintéisíodh trí phailm ola a úsáid, aigéid bhútánócha, aigéid pheantánócha, a gcuid salann agus eistear agus aigéad pailmíteach, aigéad stéarach, a gcuid salann agus eistear, a sintéisíodh trí phailm ola a úsáid

(seachas táirgí a mhéid a úsáidtear iad chun táirgí íocshláinte a mhonarú lena n-úsáid ag an duine nó sa tréidliacht faoi raon feidhme Threoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 nó Rialachán (AE) 2019/6);

- (n) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas isteach tar éis na hiontrála ‘ex 2915 90 Aigéid mhonacarbocsaileacha neamhchioglacha sháithithe, a n-ainhidrídí, a hailídí, a sárocsaídí agus a sárocsa-aigéid; a gcuid díorthach halaiginithe, sulfónaithe, níotráitithe nó níotrósaithe, seachas aigéad formach, a chuid salann agus eistear, aigéad aicéiteach agus a chuid salann, ainhidrid aicéiteach, eistir aigéid aicéitigh, aigéid mhonaclóraicéiteacha, dhéchlóraicéiteacha nó thríchlóraicéiteacha, a gcuid salann agus eistear, aigéad próipianach, a chuid salann agus eistear a sintéisíodh trí phailm ola a úsáid, aigéid bhútánócha, aigéid pheantánócha, a gcuid salann agus eistear agus aigéad pailmíteach, aigéad stéarach, a gcuid salann agus eistear, a sintéisíodh trí phailm ola a úsáid’:

‘ex 2916 15 Aigéad oiléach, aigéad líonoiléach agus aigéad líonóiléineach, a gcuid salann agus eistear a sintéisíodh trí phailm ola a úsáid

(Beidh feidhm ag an bhforáil sin ón 30 Nollaig 2027)

ex 2916 19 10 Aigéid aondeacánócha, a chuid salann agus eistear a sintéisíodh trí phailm ola a úsáid

(Beidh feidhm ag an bhforáil sin ón 30 Nollaig 2027)

ex 2921 19 Mona-aimíní neamhchioglacha agus a ndíorthaigh; salainn uathu, seachas meitiolaimín; démheitiolaimín nó trí-mheitiolaimín agus a gcuid salann, hidreaclóiríd 2-(N,N-démheitiolaimínea)eitiolclóiríde, hidreaclóiríd 2-(N,N-dé-eitiolaimínea)eitiolclóiríde agus hidreaclóiríd 2-(N,N-dé-iseapróipiolaimín)eitiolclóiríde, a sintéisíodh trí phailm ola a úsáid

(seachas táirgí a mhéid a úsáidtear iad chun táirgí íocshláinte a mhonarú lena n-úsáid ag an duine nó sa tréidliacht faoi raon feidhme Threoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 nó Rialachán (AE) 2019/6)

(Beidh feidhm ag an bhforáil sin ón 30 Nollaig 2027)

ex 2923 90 00 Salainn agus hiodrocsaídí ceathartha amóiniam, seachas coilín agus a shalainn, sulfónáit sárfhluarochtáin teitreitolamóiniam agus sulfónáit sárfhluarochtáin dédheicildémheitiolamóiniam, a sintéisíodh trí phailm ola a úsáid

(seachas táirgí a mhéid a úsáidtear iad chun táirgí íocshláinte a mhonarú lena n-úsáid ag an duine nó sa tréidliacht faoi raon feidhme Threoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 nó Rialachán (AE) 2019/6)

(Beidh feidhm ag an bhforáil sin ón 30 Nollaig 2027)

ex 2924 19 00 Aimídí neamhchioglacha, carbamáití neamhchioglacha agus a salainn, seachas meapróbamáit (INN), fluaraicéataimíd (ISO), monacrótafos (ISO) agus fosfaimíodón (ISO), a sintéisíodh trí phailm ola a úsáid

(seachas táirgí a mhéid a úsáidtear iad chun táirgí íocshláinte a mhonarú lena n-úsáid ag an duine nó sa tréidliacht faoi raon feidhme Threoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 nó Rialachán (AE) 2019/6)

(Beidh feidhm ag an bhforáil sin ón 30 Nollaig 2027)

ex 3401 11 00 Gallúnach, i bhfoirm barraí, cácaí, píosaí nó cruthanna múnlaíthe le húsáid sa leithreas (lena n-áirítear táirgí íocleasaithe), ina bhfuil pailm ola nó a rinneadh trí phailm ola a úsáid

(Beidh feidhm ag an bhforáil sin ón 30 Nollaig 2027)

(seachas táirgí a mhéid a úsáidtear iad chun táirgí íocshláinte a mhonarú lena n-úsáid ag an duine nó sa tréidliacht faoi raon feidhme Threoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 nó Rialachán (AE) 2019/6)

ex 3401 20 Gallúnach, i bhfoirmeacha seachas barraí, cácaí, píosaí nó cruthanna múnlaíthe ina bhfuil pailm ola nó a rinneadh trí phailm ola a úsáid

(Beidh feidhm ag an bhforáil sin ón 30 Nollaig 2027);

- (o) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála ‘3823 11 Aigéad stéarach, tionsclaíoch’:

‘ex 3823 11 00 Aigéad stéarach, tionsclaíoch a sintéisíodh trí phailm ola a úsáid

(seachas táirgí a mhéid a úsáidtear iad chun táirgí íocshláinte a mhonarú lena n-úsáid ag an duine nó sa tréidliacht faoi raon feidhme Threoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 nó Rialachán (AE) 2019/6);

- (p) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála ‘3823 12 Aigéad oiléach tionsclaíoch’:

‘ex 3823 12 00 Aigéad oiléach, tionsclaíoch a sintéisíodh trí phailm ola a úsáid

(seachas táirgí a mhéid a úsáidtear iad chun táirgí íocshláinte a mhonarú lena n-úsáid ag an duine nó sa tréidliacht faoi raon feidhme Threoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 nó Rialachán (AE) 2019/6);

- (q) an iontráil ‘3823 19 Aigéid shailleacha thionsclaíocha mhonacarbocsaileacha; cuirtear an méid seo a leanas in ionad olaí aigéid ó athscagadh (seachas aigéad stéarach, aigéad oiléach agus aigéid shailleacha ó roisín leachtach)’:

‘ex 3823 19 Aigéid shailleacha thionsclaíocha mhonacarbocsaileacha; olaí aigéadacha ón scagadh seachas aigéad stéarach, aigéad oiléach agus aigéid shailleacha tallola, a sintéisíodh trí phailm ola a úsáid

(nach n-áirítear leo dramhaíl mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (1) de Threoir 2008/98/CE)’;

- (r) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála ‘3823 70 Alcóil shailleacha thionsclaíocha’:

‘ex 3823 70 00 Alcóil shailleacha thionsclaíocha a sintéisíodh trí phailm ola a úsáid’;

- (s) tar éis na hiontrála ‘ex 3823 70 00 Alcóil shailleacha thionsclaíocha a sintéisíodh trí phailm ola a úsáid’, cuirtear isteach na hiontrálacha seo a leanas:

‘ex 3824 99 Táirgí ceimiceacha agus ullmhóidí eile ó thionscal na gceimiceán nó ó na tionscail ghaolmhara (lena n-áirítear iad siúd ina bhfuil meascáin de tháirgí nádúrtha), nach sonraítear ná nach n-áirítear in aon áit eile, ina bhfuil pailm ola nó a rinneadh trí phailm ola a úsáid

(seachas táirgí a mhéid a úsáidtear iad chun táirgí íocshláinte a mhonarú lena n-úsáid ag an duine nó sa tréidliacht faoi raon feidhme Threoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 nó Rialachán (AE) 2019/6)

(Beidh feidhm ag an bhforáil sin ón 30 Nollaig 2027)

ex 3907 29 Polai-éatair eile, i bhfoirmeacha príomhúla, seachas meitiolfosfónáit bhios(polocseitiléine), a rinneadh trí phailm ola a úsáid

(seachas táirgí a mhéid a úsáidtear iad chun táirgí íocshláinte a mhonarú lena n-úsáid ag an duine nó sa tréidliacht faoi raon feidhme Threoir 2001/83/CE, Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 nó Rialachán (AE) 2019/6)

(Beidh feidhm ag an bhforáil sin ón 30 Nollaig 2027)’;

- (t) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála ‘4001 Rubar nádúrtha, balata, gutta-percha, guayule, chicle agus gumaí nádúrtha comhchosúla, i bhfoirmeacha príomhúla nó ina bplátaí, ina leatháin nó ina stiallacha’:

‘ex 4001 Rubar nádúrtha, balata, gutta-percha, guayule, chicle agus gumaí nádúrtha comhchosúla, i bhfoirmeacha príomhúla nó ina bplátaí, ina leatháin nó ina stiallacha’;

- (u) i ndiaidh na hiontrála ‘ex 4008 Plátaí, leatháin, stiallacha, slata agus cruthanna próifíle, as rubar bolcánaithe seachas rubar cruath’, cuirtear isteach an téacs seo a leanas:

‘(nach n-áirítear leo táirgí úsáidte ná táirgí athlámhe)’;

- (v) scriostar an iontráil ‘ex 4010 Criosanna nó beilteanna iompair nó tarchurtha, as rubar bolcánaithe’.

- (w) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála ‘ex 4012 Aerbhoinn atráhta nó chaite as rubar; boinn sholadacha nó chúisín, boinn agus flapáí boinn, as rubar’:
‘ex 4012 90 30 Tráchtanna boinn’;
- (x) i ndiaidh na hiontrála ‘ex 4015 Earraí éadaigh agus oiriúintí éadaigh (lena n-áirítear lámhainní, mitíní agus miotóga), chun críoch uile, as rubar bolcánaithe seachas rubar crua’, cuirtear isteach an téacs seo a leanas:
‘(nach n-áirítear leo táirgí úsáidte ná táirgí athláimhe)’;
- (y) scriostar an iontráil ‘ex 4016 Earraí eile as rubar bolcánaithe seachas rubar crua, nach bhfuil sonraithe in áit eile i gcaibidil 40’.
- (z) i ndiaidh na hiontrála ‘ex 4017 Rubar crua (e.g. éabainnít) i bhfoirmeacha uile, lena n-áirítear dramhaíl agus fuíoll; earraí rubair chrua’, cuirtear isteach an téacs seo a leanas:
‘(nach n-áirítear leo dramhaíl mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (1) de Threoir 2008/98/CE)
(nach n-áirítear leo táirgí úsáidte ná táirgí athláimhe)’;
- (aa) scriostar an iontráil ‘1201 pónairí soighe, bídís briste nó ná bídís’ agus cuirtear an méid seo a leanas ina hionad:
‘1201 90 00 Pónairí soighe, bídís briste nó ná bídís: eile’
- (bb) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála ‘4401 Connadh, ina spreotaí, ina smutáin, ina chipíní, ina bhrosna nó i bhfoirmeacha dá samhail; adhmaid i sliseanna nó i gcáithníní; min saibh agus fuíolladhmaid agus dramhadhmaid, bíodh nó ná bíodh sé ceirtleánaithe i bhfoirm spreotaí, bricíní nó millíní nó i bhfoirmeacha dá samhail:
‘ex 4401 Connadh, ina spreotaí, ina smutáin, ina chipíní, ina bhrosna nó i bhfoirmeacha dá samhail; adhmaid i sliseanna nó i gcáithníní; min saibh agus fuíolladhmaid agus dramhadhmaid, bíodh nó ná bíodh sé ceirtleánaithe i bhfoirm spreotaí, bricíní nó millíní nó i bhfoirmeacha dá samhail
(nach n-áirítear leo dramhaíl mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (1) de Threoir 2008/98/CE)
(nach n-áirítear leo ábhar pacála ná coimeádáin phacála aon úsáide a úsáidtear go heisiach chun tacú le táirge eile a chuirtear ar an margadh nó chun táirge eile a chuirtear ar fáil ar an margadh nó a onnmhairítear a chosaint nó a iompar agus a chuirtear i láthair leis an táirge sin)’;
- (cc) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála ‘4402 Fioghual, lena n-áirítear scillig-ghualach nó cnóghualach, bíodh sé ceirtleánaithe nó ná bíodh:

‘ex 4402 Fioghual, lena n-áirítear scillig-ghualach nó cnóghualach, bíodh sé ceirtleánaithe nó ná bíodh’;

- (dd) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála ‘4403 Adhmad neamhchóirithe, bíodh nó ná bíodh coirt nó sú-adhmad air nó bainte de, nó cearnaithe go garbh’:

‘ex 4403 Adhmad neamhchóirithe, bíodh nó ná bíodh coirt nó sú-adhmad air nó bainte de, nó cearnaithe go garbh

(nach n-áirítear leo táirgí úsáidte ná táirgí athláimhe)’;

- (ee) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála ‘4404 Adhmad fonsa; poil scoilte; cairn, cuaillí agus stácaí adhmaid, a bhfuil pointe orthu ach nach bhfuil sáfa ar a bhfad; bataí adhmaid, iad garbh-bhearrtha, ach gan iad deilte, lúbtha ná oibrithe ar aon bhealach eile, atá oiriúnach chun maidí siúil, scáthanna fearthainne, cosa uirlisí nó a leithéidí a mhonarú; slisadhmad agus a leithéid’:

‘ex 4404 Adhmad fonsa; poil scoilte; cairn, cuaillí agus stácaí adhmaid, a bhfuil pointe orthu ach nach bhfuil sáfa ar a bhfad; bataí adhmaid, iad garbh-bhearrtha, ach gan iad deilte, lúbtha ná oibrithe ar aon bhealach eile, atá oiriúnach chun maidí siúil, scáthanna fearthainne, cosa uirlisí nó a leithéidí a mhonarú; slisadhmad agus a leithéid

(nach n-áirítear leo táirgí úsáidte ná táirgí athláimhe)’;

- (ff) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála ‘4405 Olann adhmaid; plúr adhmaid’:

‘ex 4405 Olann adhmaid; plúr adhmaid

(nach n-áirítear leo ábhar pacála ná coimeádáin phacála aon úsáide a úsáidtear go heisiach chun tacú le táirge eile a chuirtear ar an margadh nó chun táirge eile a chuirtear ar fáil ar an margadh nó a onnmhairítear a chosaint nó a iompar agus a chuirtear i láthair leis an táirge sin)’;

- (gg) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála ‘4406 Trasnáin (trascheangail) adhmaid iarnróid nó trambhealaí’:

‘ex 4406 Trasnáin (trascheangail) adhmaid iarnróid nó trambhealaí

(nach n-áirítear leo táirgí úsáidte ná táirgí athláimhe)’;

- (hh) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála ‘4407 Adhmad sáfa nó scealptha ar a fhad, sliseáilte nó scafa, bíodh nó ná bíodh sé plánáilte, greanáilte nó ceannsiúntáilte, de thiús is mó ná 6 mm’:

‘ex 4407 Adhmad sáfa nó scealptha ar a fhad, sliseáilte nó scafa, bíodh nó ná bíodh sé plánáilte, greanáilte nó ceannsiúntáilte, de thiús is mó ná 6 mm

(nach n-áirítear leo táirgí úsáidte ná táirgí athláimhe)’;

- (ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála ‘4408 Leatháin le haghaidh athchraicinn (lena n-áirítear na cinn a fhaightear trí adhmaid lannaithe a shliseadh), le haghaidh sraithadhmaid nó le haghaidh adhmaid lannaithe chomhchosúil agus adhmaid eile, sáfa ar a fhad, sliseáilte nó scafa, bíodh nó ná bíodh sé plánáilte, greanáilte, scarshiúntáilte nó ceannsiúntáilte, de thiús nach mó ná 6 mm’:

‘ex 4408 Leatháin le haghaidh athchraicinn (lena n-áirítear na cinn a fhaightear trí adhmaid lannaithe a shliseadh), le haghaidh sraithadhmaid nó le haghaidh adhmaid lannaithe chomhchosúil agus adhmaid eile, sáfa ar a fhad, sliseáilte nó scafa, bíodh nó ná bíodh sé plánáilte, greanáilte, scarshiúntáilte nó ceannsiúntáilte, de thiús nach mó ná 6 mm’;

- (jj) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála ‘4409 Adhmaid (lena n-áirítear stiallacha agus fríosanna d’urlár iontlaise, nach bhfuil cóimeáilte) atá dealbhaithe go leanúnach (teangaithe, eitrithe, céimnithe, seaimféaráilte, V-shiúntáilte, feirbthe, múnlaith, maolaithe nó a leithéid) feadh aon cheann dá imill, dá fhoircinn nó dá éadain, bíodh nó ná bíodh sé plánáilte, greanáilte, nó ceannsiúntáilte’:

‘ex 4409 Adhmaid (lena n-áirítear stiallacha agus fríosanna d’urlár iontlaise, nach bhfuil cóimeáilte) atá dealbhaithe go leanúnach (teangaithe, eitrithe, céimnithe, seaimféaráilte, V-shiúntáilte, feirbthe, múnlaith, maolaithe nó a leithéid) feadh aon cheann dá imill, dá fhoircinn nó dá éadain, bíodh nó ná bíodh sé plánáilte, greanáilte, nó ceannsiúntáilte

(nach n-áirítear leo táirgí úsáidte ná táirgí athláimhe)’;

- (kk) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála ‘4410 Clár cáithnéach, clár sliseog treoshuite (OSB) agus clár den tsamhail sin (clár slisín, mar shampla), as adhmaid nó as ábhar ligneach eile, bíodh nó ná bíodh sé ceirtleánaithe le roisíní nó le táthshubstaintí orgánacha eile’:

‘ex 4410 Clár cáithnéach, clár sliseog treoshuite (OSB) agus clár den tsamhail sin (clár slisín, mar shampla), as adhmaid nó as ábhar ligneach eile, bíodh nó ná bíodh sé ceirtleánaithe le roisíní nó le táthshubstaintí orgánacha eile

(nach n-áirítear leo táirgí úsáidte ná táirgí athláimhe)’;

- (ll) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála ‘4411 Clár snáithíneach adhmaid nó ábhar ligneach eile, bíodh nó ná bíodh sé nasctha le roisíní nó le substaintí orgánacha eile’:

‘ex 4411 Clár snáithíneach adhmaid nó ábhar ligneach eile, bíodh nó ná bíodh sé nasctha le roisíní nó le substaintí orgánacha eile

(nach n-áirítear leo táirgí úsáidte ná táirgí athláimhe)’;

(mm) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála ‘4412 Sraithadhmaid, painéil a bhfuil athchraiceann orthu agus adhmaid lannaithe comhchosúil’:

‘ex 4412 Sraithadhmaid, painéil a bhfuil athchraiceann orthu agus adhmaid lannaithe comhchosúil

(nach n-áirítear leo táirgí úsáidte ná táirgí athláimhe)’;

(nn) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála ‘4413 Adhmaid dlúthaithe, ina bhloic, ina phlátaí, ina stiallacha nó ina chruthanna próifíle’:

‘ex 4413 Adhmaid dlúthaithe, ina bhloic, ina phlátaí, ina stiallacha nó ina chruthanna próifíle

(nach n-áirítear leo táirgí úsáidte ná táirgí athláimhe)’;

(oo) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála ‘4414 Frámaí adhmaid i gcomhair pictiúr, grianghraf, scáthán nó nithe comhchosúla’:

‘ex 4414 Frámaí adhmaid i gcomhair pictiúr, grianghraf, scáthán nó nithe comhchosúla

(nach n-áirítear leo táirgí úsáidte ná táirgí athláimhe)’;

(pp) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála ‘4415 Cásanna pacála, boscaí, cliathbhoscaí, drumáí agus pacáistithe dá samhail, déanta as adhmaid; drumáí cáblaí, déanta as adhmaid; pailléid, pailléid i bhfoirm boscaí agus cláir ualaigh eile, déanta as adhmaid; coiléir phailléid, déanta as adhmaid

(nach n-áirítear leo ábhar pacála a úsáidtear go heisiach mar ábhar pacála chun tacú le táirge eile a chuirtear ar an margadh nó chun táirge eile a chuirtear ar an margadh a chosaint nó a iompar)’;

‘ex 4415 Cásanna pacála, boscaí, cliathbhoscaí, drumáí agus pacáistithe dá samhail, déanta as adhmaid; drumáí cáblaí, déanta as adhmaid; pailléid, pailléid i bhfoirm boscaí agus cláir ualaigh eile, déanta as adhmaid; coiléir phailléid, déanta as adhmaid

(nach n-áirítear leo táirgí úsáidte ná táirgí athláimhe)

(nach n-áirítear leo ábhar pacála aon úsáide agus coimeádáin phacála a úsáidtear go heisiach chun tacú le táirge eile a chuirtear ar an margadh nó chun táirge eile a chuirtear ar fáil ar an margadh nó a onnmhairítear a chosaint nó a iompar agus a chuirtear i láthair leis an táirge sin)

(nach n-áirítear leo ábhar pacála agus coimeádáin phacála ar léir ina leith go bhfuil siad oiriúnach lena n-úsáid arís agus arís eile a úsáidtear go heisiach chun tacú le táirge eile a chuirtear ar an margadh nó chun táirge eile a chuirtear ar fáil ar an margadh nó a onnmhairítear a chosaint nó a iompar agus a chuirtear i láthair leis an táirge sin ón uair a úsáidtear iad chun na críche sin agus ar aghaidh)’;

- (qq) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála ‘4416 Cascaí, bairillí, dabhcha, tobáin agus táirgí cúipéara eile agus codanna díobh as adhmaid, lena n-áirítear stéibheanna’:

‘ex 4416 Cascaí, bairillí, dabhcha, tobáin agus táirgí cúipéara eile agus codanna díobh as adhmaid, lena n-áirítear stéibheanna

(nach n-áirítear leo táirgí úsáidte ná táirgí athláimhe)

(nach n-áirítear leo ábhar pacála aon úsáide agus coimeádáin phacála a úsáidtear go heisiach chun tacú le táirge eile a chuirtear ar an margadh nó chun táirge eile a chuirtear ar fáil ar an margadh nó a onnmhairítear a chosaint nó a iompar agus a chuirtear i láthair leis an táirge sin)

(nach n-áirítear leo ábhar pacála agus coimeádáin phacála ar léir ina leith go bhfuil siad oiriúnach lena n-úsáid arís agus arís eile a úsáidtear go heisiach chun tacú le táirge eile a chuirtear ar an margadh nó chun táirge eile a chuirtear ar fáil ar an margadh nó a onnmhairítear a chosaint nó a iompar agus a chuirtear i láthair leis an táirge sin ón uair a úsáidtear iad chun na críche sin agus ar aghaidh)’;

- (rr) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála ‘4417 Uirlisí, ceapa uirlise, cosa uirlise, ceapa nó cosa scuaibe, déanta as adhmaid; ceapa gréasaí do bhróga nó buataisí, déanta as adhmaid’:

‘ex 4417 Uirlisí, ceapa uirlise, cosa uirlise, ceapa nó cosa scuaibe, déanta as adhmaid; ceapa gréasaí do bhróga nó buataisí, déanta as adhmaid

(nach n-áirítear leo táirgí úsáidte ná táirgí athláimhe)’

- (ss) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála ‘4418 Táirgí siúinéireachta agus cearpantóireachta, lena n-áirítear painéil cheallacha adhmaid, painéil chóimeáilte urláir, slinnte agus fabhtanna’:

‘ex 4418 Táirgí siúinéireachta agus cearpantóireachta, lena n-áirítear painéil cheallacha adhmaid, painéil chóimeáilte urláir, slinnte agus fabhtanna

(nach n-áirítear leo táirgí úsáidte ná táirgí athláimhe)’;

- (tt) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála ‘4419 Gréithe tábla agus cistine, as adhmaid’:

‘ex 4419 Gréithe tábla agus cistine, as adhmaid

(nach n-áirítear leo táirgí úsáidte ná táirgí athláimhe)’;

- (uu) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála ‘4420 Mairecíneacht adhmaid agus adhmaid inleagtha; cisteoga agus cásanna do sheodra nó sceanra, agus earraí comhchosúla, as adhmaid; deilbhíní agus earraí ornáideacha eile, as adhmaid; troscáin déanta as adhmaid nach gcumhdaítear i gCaibidil 94’:

‘ex 4420 Mairecíneacht adhmaid agus adhmaid inleagtha; cisteoga agus cásanna do sheodra nó sceanra, agus earraí comhchosúla, as adhmaid; deilbhíní agus

earraí ornáideacha eile, as adhmaid; troscáin déanta as adhmaid nach gcumhdaítear i gCaibidil 94

(nach n-áirítear leo táirgí úsáidte ná táirgí athláimhe)';

- (vv) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála '4421 Earraí eile déanta as adhmaid':

'ex 4421 Earraí eile déanta as adhmaid

(nach n-áirítear leo táirgí úsáidte ná táirgí athláimhe)';

- (ww) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála 'Laíon agus páipéar i gCaibidilí 47 agus 48 den Ainmníocht Chomhcheangailte, cé is moite de tháirgí bambú agus de tháirgí (dramhaíola agus fuíll) aisghafa':

'ex 47 Laíon adhmaid

(nach n-áirítear leo táirgí úsáidte ná táirgí athláimhe)

(nach n-áirítear leo táirgí (dramhaíola agus fuíll) aisghafa ná táirgí a dhíorthaítear ó tháirgí (dramhaíola agus fuíll) aisghafa)

ex 48 Páipéar agus cairtchlár: Earraí atá déanta as laíon páipéir, as páipéar nó as cairtchlár

(nach n-áirítear leo dramhaíl mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (1) de Threoir 2008/98/CE)

(nach n-áirítear leo táirgí úsáidte ná táirgí athláimhe)

(nach n-áirítear leo táirgí (dramhaíola agus fuíll) aisghafa ná táirgí a dhíorthaítear ó tháirgí (dramhaíola agus fuíll) aisghafa)

(nach n-áirítear leo ábhar pacála aon úsáide agus coimeádáin phacála a úsáidtear go heisiach chun tacú le táirge eile a chuirtear ar an margadh nó chun táirge eile a chuirtear ar fáil ar an margadh nó a onnmhairítear a chosaint nó a iompar agus a chuirtear i láthair leis an táirge sin)

(nach n-áirítear leo ábhar pacála agus coimeádáin phacála ar léir ina leith go bhfuil siad oiriúnach lena n-úsáid arís agus arís eile a úsáidtear go heisiach chun tacú le táirge eile a chuirtear ar an margadh nó chun táirge eile a chuirtear ar fáil ar an margadh nó a onnmhairítear a chosaint nó a iompar agus a chuirtear i láthair leis an táirge sin ón uair a úsáidtear iad chun na críche sin agus ar aghaidh)

(nach n-áirítear leo míreanna comhfhreagrais agus margaíochta ná ábhair faisnéise a ghabhann go heisiach le táirge eile a chuirtear ar fáil ar an margadh nó a onnmhairítear, nó a sholáthraítear chun críoch margaíochta nó faisnéise saor in aisce)';

- (xx) scriostar an iontráil 'ex 9401 Suíocháin (seachas na cinn atá faoi cheannteideal 9402) cibé ar féidir iad a thiontú go leapacha nó nach féidir, agus páirteanna díobh, as adhmaid', agus cuirtear isteach an méid seo a leanas ina hionad:

‘ex 9401 31 00 Suíocháin sclóine ar féidir a n-airde a athrú, as adhmaid
(nach n-áirítear leo táirgí úsáidte ná táirgí athláimhe)

ex 9401 41 00 Suíocháin eile seachas suíocháin ghairdín nó trealamh campála,
is féidir a thiontú ina leapacha, as adhmaid
(nach n-áirítear leo táirgí úsáidte ná táirgí athláimhe)

ex 9401 61 00 Suíocháin eile, ag a bhfuil frámaí adhmaid, cumhdaithe
(nach n-áirítear leo táirgí úsáidte ná táirgí athláimhe)

ex 9401 69 00 Suíocháin eile, ag a bhfuil frámaí adhmaid, seachas suíocháin
chumhdaithe
(nach n-áirítear leo táirgí úsáidte ná táirgí athláimhe)

ex 9401 80 00 Suíocháin eile, as adhmaid
(nach n-áirítear leo táirgí úsáidte ná táirgí athláimhe)

ex 9401 91 90 Codanna eile de shuíocháin, as adhmaid
(nach n-áirítear leo táirgí úsáidte ná táirgí athláimhe)';

(yy) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála ‘9403 30, 9403 40, 9403 50,
9403 60 agus 9403 91 Troscán adhmaid, agus codanna díobh’:

‘ex 9403 30, ex 9403 40, ex 9403 50, ex 9403 60 agus ex 9403 91 Troscán
adhmaid, agus codanna díobh
(nach n-áirítear leo táirgí úsáidte ná táirgí athláimhe)';

(zz) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála 9406 10 Foirgnimh adhmaid
réamhdhéanta’:

‘ex 9406 10 00 Foirgnimh adhmaid réamhdhéanta
(nach n-áirítear leo táirgí úsáidte ná táirgí athláimhe)';